COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

GA

15389/12
(OR. en)

PRESSE 445
PR CO 57

# PREASEISIÚINT

an 3195ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Ceartas agus Gnóthaí Baile

Lucsamburg, an 25 agus an 26 Deireadh Fómhair 2012

An tUachtarán **Eleni MAVROU**
An tAire Gnóthaí Baile
**Loukas LOUKA**
Aire Dlí agus Cirt agus Oird Phoiblí na Cipire

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 2074 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí ón gComhairle

*Thacaigh na hairí gnóthaí baile le bunú **Cláir Chosanta Réigiúnaigh don tSiria**, mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria. Bhí díospóireacht treoraíochta acu freisin faoin togra le haghaidh cinnidh a bhaineann le **Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta** agus thug siad dá n-aire an dul chun cinn a rinneadh maidir le feidhmiú iomlán fhorálacha **acquis Schengen sa Bhulgáir agus sa Rómáin** chomh maith le bunú **Comhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET)**.*

*Ghlac an Chomhairle conclúidí ansin maidir le **spriocanna lagchosanta a chosaint ó ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta** agus thug siad dá n-aire tuarascáil chur chun feidhme maidir le feabhas a chur ar na naisc idir na **gnéithe inmheánacha agus seachtracha a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht**. Thíolaic an Coimisiún tuarascáil maidir le **gáinneáil aindleathach ar airm thine** agus thug an Ungáir eolas do na hairí faoin toradh a bhí ar chomhdháil i ndáil le **Fóram Salzburg maidir le comhar póilíní**. Thug an Uachtaránacht forléargas gearr ar an dul chun cinn a rinneadh **ar roinnt tograí reachtacha eile** a bhaineann le gnóthaí baile.*

*Scrúdaigh an Coiste Measctha (an AE agus an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis), ag teacht le chéile dóibh agus an Chomhairle ar siúl, an tsaincheist a bhaineann le **haontachas na Bulgáire agus na Rómáine le Schengen**. Bhreathnaigh sé ansin ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme **Chóras Faisnéise Schengen (SIS II)** agus ar fhorbairtí agus ar threochtaí i ndáil le **himirce neamhdhleachtach** agus ar an tionchar atá acu ar an AE faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, tugadh eolas don choiste faoi **Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na Gréige maidir le Tearmann agus Imirce.** Chuir an Coimisiún an tríú tuarascáil dá chuid maidir leis an **bhfaireachán a dhéantar i ndiaidh víosaí a léirscaoileadh do thíortha** sna Balcáin Thiar i láthair freisin.*

*Thug Airí dá n-aire an dul chun cinn atá déanta agus bhí díospóireacht acu maidir le dhá thogra le haghaidh treoracha: maidir le **smachtbhannaí coiriúla i ndáil le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh** ("Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh") agus maidir le **fáltais a thagann ó choireacht** san AE **a chalcadh agus a choigistiú.***

*Ansin phléigh na hairí na moltaí atá sa tuarascáil dheireanach maidir leis an **gcúigiú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha** lenar díríodh ar **choireacht airgeadais agus ar fhiosrúcháin airgeadais.***

*D'éist an Chomhairle le tíolacadh ón gCoimisiún faoina thogra le haghaidh treorach maidir leis an **gcomhrac in aghaidh na calaoise a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais tríd an dlí coiriúil**.*

*Thairis sin, thug an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hathbhreithniú 1995 ar chosaint daoine aonair maidir le **sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin** (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).*

*Ar deireadh, thíolaic* ***Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i ndrugaí*** *(EMCDDA)* ***tuarascáil 2012 maidir le staid na faidhbe drugaí san Eoraip.***

*Áirítear an comhaontú polaitiúil ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa faoi* ***na treoracha maidir le coinníollacha glactha*** *atá mar chuid de phacáiste de chomhaid reachtacha a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CET) agus rialacha nua* ***chun rochtain ar chistiú AE a shimpliú*** *ar* ***na ítimí tábhachtacha a glacadh gan iad a phlé (ítimí A).*** *Is comhad tábhachtach neamhreachtach eile a glacadh mar ítim A é, an chéad uasdátú débhliantúil ar* ***'Gníomh an AE i dtaca le Brú Imirceach - Freagairt Straitéiseach'****, ina bhfuil níos mó ná 90 gníomhaíocht lena ndírítear ar an imirce neamhdhleathach a chomhrac agus ar dheireadh a chur léi.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** ........................................................................................................ 7

**MÍREANNA A PLÉADH**

An Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET) ........................................................................ 9

An Sásra um Chosaint Shibhialta ........................................................................ 10

Aontachas na Rómáine/na Bulgáire: le Schengen ........................................................................ 11

An tSiria: Clár Cosanta Réigiúnach ........................................................................ 12

An Fhrithsceimhlitheoireacht: Spriocanna lagchosanta a chosaint ........................................................................ 13

An Fhrithsceimhlitheoireacht: Nasc idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha ........................................................................ 13

Fáltais a thagann ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú ........................................................................ 14

Coireacht airgeadais agus fiosrúcháin airgeadais ........................................................................ 14

Staid na faidhbe drugaí ........................................................................ 15

Leas airgeadais an AE a chosaint ........................................................................ 15

Sonraí pearsanta a phróiseáil ........................................................................ 16

Déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh ........................................................................ 16

Aon Ghnó Eile ........................................................................ 18

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

An Coiste Measctha ..... 19
-An faireachán a dhéantar i ndiaidh víosaí a léirscaoileadh do thíortha sna Balcáin Thiar ..... 19
-Aontachas na Rómaine/na Bulgáire le Schengen ..... 19
-Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na Gréige maidir le Tearmann agus Imirce ..... 20
-An imirce neamhdhleathach ..... 20
-SIS II ..... 21
-Aon Ghnó Eile ..... 21

**MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**

*CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

– Coinníollacha glactha iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta ..... 22
– Gáinneáil ar dhaoine ..... 22
– Gníomh an AE i dtaca le Brú Imirceach ..... 22
– Plean Gníomhaíochta an AE maidir le Radacú agus Earcú ..... 22
– Comhaontuithe Comhair CEPOL ..... 23
– CULTNET AE ..... 23
– Malartú uathoibríoch sonraí leis an gCipir ..... 23
– Malartú uathoibríoch sonraí leis an tSualainn ..... 24
– Nuashonrú ar bhearta sriantacha ..... 24

*AN COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA*

– Mionarmáin agus armáin éadroma ..... 24
– Creat-Chomhaontú rannpháirtíochta leis an Moldóiv ..... 24

*GNÓTHAÍ GINEARÁLTA*

– Clásal eisceachtaí na Rialachán Foirne ..... 25
– Cruinnithe mullaigh iltaobhacha - Conradh Liospóin ..... 25

*GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

– Rialacha airgeadais nua a ghlacadh do bhuiséad bliantúil an AE ..... 25

*IASCACH*

– Comhaontú iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas - Seasamh an AE ........ 26

– An Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas - Seasamh an AE ........ 26

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Maggie DE BLOCK | An Státrúnaí um Beartas Imirce agus Thearmainn agus Lánpháirtiú Sóisialta |
| Dirk WOUTERS | An Buanionadaí |
| **An Bhulgáir:** | |
| Tsvetan TSVETANOV | An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Baile |
| Diana KOVATCHEVA | An tAire Dlí agus Cirt |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Jan KUBICE | An tAire Gnóthaí Baile |
| Daniel VOLÁK | An Leas-Aire Dlí agus Cirt |
| **An Danmhairg:** | |
| Morten BØDSKOV | An tAire Dlí agus Cirt |
| Jeppe TRANHOLM MIKKELSEN | An Buanionadaí |
| **An Ghearmáin:** | |
| Ole SCHROEDER | Státrúnaí Parlaiminte don Aire Cónaidhme Gnóthaí Baile |
| Peter TEMPEL | An Buanionadaí |
| **An Eastóin:** | |
| Ken-Marti VAHER | An tAire Gnóthaí Baile |
| Kristen MICHAL | An tAire Dlí agus Cirt |
| **Éire:** | |
| Alan SHATTER | An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An tAire Cosanta |
| **An Ghréig:** | |
| Nikolaos DENDIAS | An tAire um Ord Poiblí agus um Chosaint an tSaoránaigh |
| Konstantinos KARAGOUNIS | An Státrúnaí Dlí agus Cirt, Trédhearcachta agus Cearta an Duine |
| **An Spáinn:** | |
| Fernando ROMÁN GARCÍA | An Státrúnaí Dlí agus Cirt |
| Ignacio ULLOA RUBIO | An Státrúnaí Slándála |
| **An Fhrainc:** | |
| Christiane TAUBIRA | An tAire Dlí agus Cirt |
| Philippe ETIENNE | An Buanionadaí |
| **An Iodáil:** | |
| Ferdinando NELLI FEROCI | An Buanionadaí |
| **An Chipir:** | |
| Eleni MAVROU | An tAire Gnóthaí Baile |
| Loukas LOUCA | An tAire Dlí agus Cirt agus Oird Phoiblí |
| **An Laitvia:** | |
| Rihards KOZLOVSKIS | An tAire Gnóthaí Baile |
| Mārtiņš LAZDOVSKIS | Státrúnaí, An Aireacht Dlí agus Cirt |
| **An Liotuáin:** | |
| Gintaras VYŠNIAUSKAS | An Leas-Aire Gnóthaí Baile |
| Tomas VAITKEVICIUS | An Leas-Aire Dlí agus Cirt |
| **Lucsamburg,** | |
| Jean-Marie HALSDORF | An tAire Gnóthaí Baile |
| François BILTGEN | An tAire Dlí agus Cirt |
| Nicolas SCHMIT | An tAire Saothair, Fostaíochta agus Inimirce |
| **An Ungáir:** | |
| Tibor NAVRACSICS | An Leas-Phríomh-Aire, an tAire Riaracháin Phoiblí agus Dlí agus Cirt |
| Károly KONTRÁT | Státrúnaí Parlaiminte, an Aireacht Gnóthaí Baile |
| **Málta:** | |
| Marlene BONNICI | An Buanionadaí |

| | |
|---|---|
| **An Ísiltír:** | |
| Gerd LEERS | An tAire Inimirce, Lánpháirtithe agus Tearmainn |
| Fred TEEVEN | An Státrúnaí Slándála agus Dlí agus Cirt |
| **An Ostair:** | |
| Johanna MIKL-LEITNER | An tAire Cónaidhme Gnóthaí Baile |
| Beatrix KARL | An tAire Cónaidhme Dlí agus Cirt |
| **An Pholainn:** | |
| Michal KRÓLIKOWSKI | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Dlí agus Cirt |
| Marek PRAWDA | An Buanionadaí |
| **An Phortaingéil:** | |
| Fernando FERREIRA SANTO | An Státrúnaí do Riarachán an Aireacht Dlí agus Cirt |
| Domingos FEZAS VITAL | An Buanionadaí |
| **An Rómáin:** | |
| Mircea DUSA | An tAire Caidrimh leis an bParlaimint |
| Mona Maria PIVNICERU | An tAire Dlí agus Cirt |
| Marian TUTILESCU | Státrúnaí, Ceannaire ar an Roinn Schengen, an Aireacht Riaracháin agus Gnóthaí Baile |
| **An tSlóivéin:** | |
| Vinko GORENAK | An tAire Gnóthaí Baile |
| Rado GENORIO | An Buanionadaí |
| **An tSlóvaic:** | |
| Tomáš BOREC | An tAire Dlí agus Cirt |
| Ivan KORČOK | An Buanionadaí |
| **An Fhionlainn:** | |
| Anna-Maja HENRIKSSON | An tAire Dlí agus Cirt |
| Marjo ANTTOORA | Státrúnaí, an Aireacht Gnóthaí Baile |
| **An tSualainn:** | |
| Beatrice ASK | An tAire Dlí agus Cirt |
| Tobias BILLSTRÖM | An tAire Imirce |
| Martin VALFRIDSSON | An Státrúnaí Dlí agus Cirt |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| Chris GRAYLING | An Státrúnaí Dlí agus Cirt |
| Theresa MAY | Státrúnaí na Roinne Baile |
| Frank MULHOLLAND | Ard-Abhcóide na hAlban |
| **An Coimisiún:** | |
| Viviane REDING | An Leas-Uachtarán |
| Cecilia MALMSTRÖM | Comhalta |
| Kristalina GEORGIEVA | Comhalta |

**MÍREANNA A PLÉADH**

**An Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET)**

Cuireadh in iúl don Chomhairle i seisiún poiblí, ar bhonn páipéir ón uachtaránacht (*14823/12*), an dul chun cinn atá déanta san idirbheartaíocht maidir leis na tograí reachtacha atá fós gan réiteach a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CET).

Féadfar cur síos ar na ceithre comhad atá fós gan réiteach mar seo a leanas:

– Thángthas ar chomhaontú polaitiúil faoin treoir maidir le **coinníollacha glactha**. Glacadh an comhaontú polaitiúil sin ag an gComhairle gan é a phlé (mar ítim A) (*14112/1/12*). Urramaítear go hiomlán leis toradh na hidirbheartaíochta le Parlaimint na hEorpa. Nuair a bheidh sé glactha ar bhonn foirmiúil ag an dá comhreachtóir, beidh ar na Ballstát na forálacha nua a thrasuí sa dlí náisiúnta taobh istigh de dhá bhliain. Níl an Danmhairg, Éire nó an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag an treoir.

  Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach *14556/12*.

– Tugadh an idirbheartaíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa maidir le substaint **Rialachán Bhaile Átha Cliath** chun críche freisin. Baineann an t-aon saincheist atá fós gan réiteach leis an nós imeachta coiste, i.e. ar cheart gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a úsáid. Tionóladh an chéad chruinniú teicniúil maidir leis an tsaincheist seo le Parlaimint na hEorpa agus tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht teacht ar chomhaontú críochnaitheach faoi dheireadh na bliana.

  Bunaítear le Rialachán Bhaile Átha Cliath na nósanna imeachta chun an Ballstát a bheidh freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chinneadh. Tabharfar isteach leis na rialacha nua sásra réamhrabhaidh, ullmhachta agus bainistithe géarchéime. Leis an sásra sin, dírítear ar mheastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú praiticiúil na gcóras náisiúnta tearmainn, ar chabhair a thabhairt do Bhallstáit a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu agus ar ghéarchéimeanna tearmainn a chosc. Dhíreofaí leis an sásra sin ar bhearta a ghlacadh a mbeidh sé de chuspóir acu cosc a chur ar ghéarchéimeanna tearmainn a theacht chun cinn seachas aghaidh a thabhairt ar na tionchair a ghabhann leis na géarchéimeanna sin nuair a tharlaíonn siad.

  Chun an sásra réamhrabhaidh, ullmhachta agus bainistithe géarchéime i Rialachán leasaithe Bhaile Átha Cliath a chomhlánú, ghlac an Chomhairle conclúidí i mí Mhárta 2012 maidir le comhchreat don fhíor-dhlúthpháirtíocht phraiticiúil do na Ballstáit sin a bhfuil dianbhrú ar a gcuid córas tearmainn, lena n-áirítear trí shreabha den imirce mheasctha (*7485/12*).. Beartaítear na conclúidí sin mar shraith uirlisí chun dlúthpháirtíocht a spreagadh ar fud an AE i ndáil leis na Ballstáit sin is mó atá thíos le brú mar sin agus/nó a bhfuil fadhbanna acu maidir lena gcórais tearmainn.

– I mí an Mheithimh, leag an Coimisiún amach a thogra nua maidir le **rialachán Eurodac** (*10638/12*) athbhreithnithe lena gceadófaí d'údaráis fhorghníomhaithe an dlí rochtain a bheith acu ar an mbunachar sonraí láir méarloirg uile-AE sin, faoi réir coinníollacha dochta cosanta sonraí chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac. Cuirfear tús leis an idirbheartaíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa sna laethanta atá le teacht.

– Rinneadh níos mó dul chun cinn san idirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa d'fhonn teacht ar chomhaontú i ndáil leis an **treoir** maidir le **nósanna imeachta** tearmainn roimh dheireadh na bliana. Chuir an Coimisiún togra athbhreithnithe maidir leis an Treoir i láthair an 1 Meitheamh 2011 (*11207/11*).

Glacadh ceithre chomhaontú agus cinntí eile a bhaineann leis an CET cheana. Baineann siad leis na nithe seo a leanas:

– An treoir cháiliúcháin lena gcuirtear caighdeáin níos fearr, níos soiléire agus níos comhchuibhithe ar fáil chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uathu a shainaithint, ar treoir í a glacadh i mí na Samhna 2011 agus a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2012.

– An treoir um chónaí fadtéarmach a glacadh i mí Aibreáin 2011.

– Cruthú na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (OETCT) a chuaigh i mbun oibre san earrach in 2011.

– An cinneadh a glacadh i mí an Mhárta 2012 lena mbunaítear tosaíochtaí comhchoiteanna athlonnaíochta don AE do 2013 mar aon le rialacha nua maidir le maoiniú ón AE do ghníomhaíochtaí athlonnaíochta a chuirfidh na Ballstáit i gcrích.

Maidir leis an gcomhthéacs foriomlán, ba cheart a mheabhrú gur dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach ina conclúidí i mí an Mheithimh 2011 gur cheart idirbheartaíocht maidir leis na gnéithe éagsúla den CET a thabhairt chun críche faoi 2012 (*EUCO 23/11*).

**An Sásra um Chosaint Shibhialta**

Thionól an Chomhairle díospóireacht bheartais phoiblí maidir le togra chun Sásra um Chosaint Shibhialta a bhunú ar bhonn páipéir ón Uachtaránacht (*14445/12*). Thíolaic an Coimisiún an togra tosaigh i mí na Nollag 2011 (*18919/11*).

Is é is aidhm don togra an reachtaíocht reatha sa réimse sin a ionadú - an Cinneadh ón gComhairle maidir le hIonstraim Airgeadais um Chosaint Shibhialta an 5 Márta 2007 (IO L 71, 10.3.2007) agus an Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Sásra Comhphobail um Chosaint Shibhialta (athmhúnlú) an 8 Samhain 2007 (IO L 314, 1.12.2007), chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlachta costais na gcóras lena n-ullmhaítear do thubaistí nádúrtha agus do thubaistí de dhéantús an duine de gach uile chineál laistigh agus lasmuigh den Aontas, lena dtugtar freagairt ar na tubaistí sin agus lena gcuirtear cosc orthu.

Chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart próiseas céimnithe a chur ar bun chun an beartas coisctheach a neartú trí chur chuige bainistithe tubaiste, bunaithe ar riosca a fhorbairt sna Ballstáit uile, agus aird á tabhairt ar na difríochtaí atá ina mbeartais mheasúnaithe riosca agus pleanála.

Phléigh an Chomhairle freisin a thiomanta ar gá do na Ballstáit a bheith agus na dreasachtaí airgeadais a d'fhéadfaí a fháil ó bhuiséad an AE don chiste deonach a bheartaítear i ndáil le sócmhainní freagartha na mBallstát.

Chomhaontaigh an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go mbeifear in ann na sócmhainní a mbeidh fáil orthu a thuar agus chomhaontaigh sí go bhféadfaí dreasachtaí fónta a chruthú do Bhallstáit le tacaíocht airgeadais ó bhuiséad an AE chun sócmhainní a chur ar fáil don chiste deonach.

Ar deireadh, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú freisin measúnú a dhéanamh ar phróiseas inar cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, na bearnaí móra maidir le hacmhainní freagartha sa chiste deonach a aithint, agus má aithnítear na bearnaí, measfaidh sí na roghanna uile a leagtar amach sa pháipéar thuasluaite ón Uachtaránacht chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin ar an mbealach is éifeachtaí.

Bunaíodh an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta in 2001. Tá an sásra ag brath ar acmhainní a bhainistíonn údaráis na 32 stát rannpháirteacha ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach (EU27 + an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Chróit agus Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine). Rinneadh an sásra sin a ghníomhachtú os cionn 150 iarraidh ón tráth ar cruthaíodh é, chun cabhrú le tíortha laistigh agus lasmuigh den AE i gcás ina raibh réimse an-éagsúla tubaistí ann, lena n-áirítear stoirmeacha, tuilte, critheanna talún, dóiteáin fhoraise agus triomach. Leis an sásra sin freisin, bhíothas in ann oiliúint a chur ar os cionn 2000 saineolaí i réimse na cosanta sibhialta agus líon mór cleachtaí a eagrú.

**Aontachas na Rómáine/na Bulgáire: le Schengen**

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gcinneadh faoi fheidhmiú iomlán fhorálacha acquis Schengen i Poblacht na Bulgáire agus sa Rómáin agus faoi chur chun feidhme na mbeart a aithníodh mar bhearta lena gcuirtear le méadú rathúil limistéar Schengen chun an dá thír sin a áireamh.

Ní dhearnadh cinneadh go dtí seo ar aontachas an dá thír mar nár baineadh amach an aontoilíocht a bhí riachtanach.

Moltar cur chuige ina bhfuil dhá-chéim sa togra reatha: Sa chéad chéim, chuirfí deireadh le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha farraige agus aeir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir na tíortha sin. ag an am céanna, bheadh an dá thír go hiomlán rannpháirteach i gCóras Faisnéise Schengen (SIS). Sa dara céim, chuirfí deireadh leis na seiceálacha ar dhaoine ar theorainneacha inmheánacha talún.

Ag an gcruinniú a bhí aici an 1-2 Márta 2012, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach, agus an plé a rinneadh in 2011 á meabhrú aici, gur comhlíonadh na coinníollacha dlíthiúla uile le go nglacfar cinneadh maidir le haontachas na Bulgáire agus na Rómáine le limistéar Schengen. Thug an Chomhairle Eorpach aitheantas freisin do na hiarrachtaí leantacha atá déanta ag an mBulgáir agus ag an Rómáin.

Faoi chuimsiú an méid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, san idirthréimhse, bearta a shainaithint agus a chur chun feidhme, ar bearta iad lena gcuirfí le méadú rathúil an Limistéir Schengen chun an Rómáin agus an Bhulgáir a áireamh.

**<u>An tSiria: Clár Cosanta Réigiúnach</u>**

Chuir an Chomhairle fáilte d'aon toil roimh an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún maidir le Clár Cosanta Réigiúnach a bhunú mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria agus chuir sí de chúram ar an gCoimisiún an clár a bhunú chomh luath agus is féidir. Tá sé d'aidhm ag an gClár Cosanta Réigiúnach sin tacú leis an tSiria agus lena comharsana acmhainní marthanacha a bhunú chun go mbeifí in ann déileáil le héifeachtaí na géarchéime sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Chuir Airí i bhfáth go raibh dlúth-chomhordú le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe ríthábhachtach.

Rinne an Chomhairle athbhreithniú freisin ar na forbairtí a d'eascair as géarchéim na Siria ar bhonn níos ginearálta. Cuireadh ar chumas na nAirí mar sin tuarascáil a thabhairt ar an tionchar atá ag an ngéarchéim ina mBallstáit i dtéarmaí gluaiseachtaí imirce agus ar an mbealach a bhfuil siad ag dul i ngleic leis na forbairtí sin.

Tá an AE agus a Bhallstáit an-ghníomhach agus cúnamh daonnúil á chur ar fáil acu sa réigiún ó thosaigh an ghéarchéim. Go dtí seo, cuireadh os cionn € 230 milliún ar fáil don AE agus dá Bhallstáit. - níos mó ná 50 faoi gcéad den chúnamh idirnáisiúnta uile - do bhearta tacaíochta láithreacha, idir bhia agus soláthar uisce, agus dídean agus cúram sláinte.

De réir Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, tá níos mó na 350,000 dídeanaí ann a bhfuil an tSiria fágtha acu, agus a chuaigh chuig tíortha comharsanachta den chuid is mó (an Iordáin, an Liobáin, an Iaráic agus an Tuirc). Tháinig os cionn 16,000 díobh chuig an AE. Sa tSiria, meastar go bhfuil líon na ndaoine easáitithe gar do 1.5 mhilliún. Agus an staid mar atá sa tír agus an t-ionchas míshoiléir maidir leis an mbealach a rachaidh cúrsaí á gcur san áireamh, ní eisiatar le meastacháin Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe go bhféadfadh líon na ndídeanaithe agus na ndaoine easáitithe araon os cionn 700,000 milliún agus 2.5 mhilliún a shárú faoi seach.

An 15 Deireadh Fómhair 2012, d'fhormheas an Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha na *conclúidí* maidir leis an tSiria inar dearbhaíodh tiomantas an AE agus a Bhallstáit maidir le cúnamh daonnúil.

**An Fhrithsceimhlitheoireacht: Spriocanna lagchosanta a chosaint**

Phléigh an Chomhairle conclúidí maidir le spriocanna lagchosanta a chosaint ó ionsaithe sceimhlitheoireachta (*14591/12*).

Tá sé d'aidhm ag an conclúidí seo béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le spriocanna lagchosanta a chosaint agus comhar a spreagadh sa réimse seo.

**An Fhrithsceimhlitheoireacht: Nasc idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha**

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar chur chun feidhme maidir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar na naisc idir na gnéithe inmheánacha agus seachtracha a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht (*11075/11*).

Chinn an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na tionscnaimh fhrithsceimhlitheoireachta ar bhonn rialta, agus cuireadh an chéad tuarascáil ar fáil i mí an Mheithimh 2011. Leagtar amach sa tuarascáil is déanaí na moltaí maidir le bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tuilleadh feabhais a chur ar na naisc idir na gnéithe inmheánacha agus seachtracha.

**Fáltais a thagann ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú**

Thug an Chomhairle an staid mar atá dá haire i dtaca leis an dréachtrialachán maidir le fáltais a thagann ó choireacht san AE a chalcadh agus a choigistiú, ina ndírítear ar é a éascú do na húdaráis náisiúnta an brabús a dhéanann coirpigh ó choireacht trasteorann agus ó choireacht eagraithe a choigistiú agus a aisghabháil.

D'fhonn dul chun cinn a dhéanamh san obair ag leibhéal na saineolaithe, bhí plé ag na hAirí, ar bhonn doiciméid a d'ullmhaigh an Uachtaránacht (*14826/12*), d'fhonn a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na critéir iomchuí chun raon feidhme Airteagal 4 a shainiú i ndáil le cumhachtaí leathnaithe i dtaca le coigistiú.

Breathnaíodh ar roinnt cur chuige le linn an phlé, amhail critéar a thabhairt isteach a bheadh bunaithe ar ghné oibiachtúil, amhail scagaire don sochair eacnamaíoch, lena dtugtar isteach tairseach pionóis, lena leathnófar cur i bhfeidhm na forála maidir le cineálacha sonracha cionta agus sin amháin (an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht) nó lena gcuirfear teorainn le cur i bhfeidhm na forála maidir le cásanna tromchúiseacha nó coireanna tromchúiseanna agus sin amháin.

I bhfianaise an phlé sin, leanfaidh comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle den scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí chun cur i bhfeidhm na forála maidir le cumhachtaí leathnaithe i dtaca le coigistiú a theorannú do choireanna tromchúiseacha.

Tá sé beartaithe ag Uachtaránacht na Cipire teacht ar chomhréiteach roimh dheireadh na bliana maidir le téacs a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa faoin ngnáthnós imeachta reachtach

**Coireacht airgeadais agus fiosrúcháin airgeadais**

Phléigh na hairí na moltaí atá sa tuarascáil dheireanach maidir leis an gcúigiú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, lenar díríodh ar an gcoireacht airgeadais agus ar fhiosrúcháin airgeadais (*12657/2/12 REV2*).

Ar bhonn páipéir ón uachtaránacht (*14597/12*), bhreathnaigh na hairí ar an mbealach ar féidir le tionscnaimh i réimse an dlí choiriúil cur leis an gcomhrac feabhsaithe i gcoinne na coireachta eagraithe.

Tá na hairí tar éis é a chur in iúl go láidir go bhfuil an choireacht eagraithe trasnáisiúnta fós ina mórdhúshlán a chuirfeadh limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais i mbaol. Díríodh sa tuarascáil dheireanach maidir leis an gcúigiú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar phríomhghné de seo, lenar díríodh ar an gcoireacht airgeadais agus ar fhiosrúcháin airgeadais.

Ó 1996 i leith, tá an sásra maidir le meastóireacht fhrithpháirteach á úsáid chun an cur i bhfeidhm agus an cur chun feidhme a mheas ar leibhéal náisiúnta na ngnóthas idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe.

**Staid na faidhbe drugaí**

D'éist an Chomhairle le cur i láthair a rinne an Stiúrthóir don Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i ndrugaí (EMCDDA) maidir leis an tuarascáil bhliantúil a d'eisigh sé do 2012 maidir le staid fadhb na ndrugaí san Eoraip.

Cuirtear ar fáil i dtuarascálacha bliantúla EMCDDA na sonraí is déanaí agus léargas ar staid na ndrugaí ar fud 27 Bhallstát an AE, an Iorua, an Chróit agus an Tuirc. Pléitear na dúshláin is mó chomh maith leis na cleachtais is fearr chun dul i ngleic le fadhb na ndrugaí sa lá atá inniu ann. Cuirfear tuarascáil 2012 amach i Liospóin an 15 Samhain 2012.

**Leas airgeadais an AE a chosaint**

Thug an Chomhairle dá haire togra le haghaidh treorach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais tríd an dlí coiriúil, ar togra é a thíolaic an Coimisiún Eorpach. Is é an aidhm atá ag an togra (*12683/12*) lucht calaoise a dhíspreagadh, ionchúiseamh agus smachtbhannaí na gcoireanna a fheabhsú i gcoinne bhuiséad an AE, agus aisghabháil cistí an AE nach bhfuil leas ceart á bhaint astu a éascú, agus cosaint airgead cáiníocóirí an AE a mhéadú dá bhrí sin.

Leis an treoir atá beartaithe, cuirtear sainmhínithe coiteanna ar fáil maidir le roinnt cionta i gcoinne bhuiséad an AE agus comhthréimhsí forordaithe, inar gá an cás a imscrúdú agus a ionchúiseamh, chomh maith leis na smachtbhannaí is lú, lena n-áirítear príosúnacht do na cásanna is tromchúisí chun an éifeacht dhíspreagthach a neartú. Ba cheart go gcabhrófaí leis na comhrialacha sin, de réir an togra ón gCoimisiún, cothrom na féinne a áirithiú mar aon le himscrúdú agus le hionchúiseamh feabhsaithe ar fud an AE.

Tá an togra dírithe ar chionta a shainiú, amhail an chalaois, agus coireanna eile a bhaineann leis an gcalaois amhail éilliú gníomhach agus éighníomhach, míleithreasú cistí, sciúradh airgid agus bac ar nósanna imeachta don soláthar poiblí chun dochar do bhuiséad an AE. Tugtar le fios leis gur cheart do na Ballstáit smachtbhanna íosta dé mhí príosúnachta a ghearradh le haghaidh cásanna tromchúiseacha (Airteagal 8), agus pionós uasta 10 mbliana príosúnachta má dhéanfar an cion taobh istigh d'eagraíocht choiriúil. D'fhonn cabhrú le cistí a aisghabháil, foráiltear leis fáltais na gcoireanna sin a choigistiú (Airteagal 10). Ina theannta sin, moltar ann tréimhsí forordaithe níos faide do na cionta atá sainithe (Airteagal 12), ós rud é go bhfuil dóthain ama chun imscrúdú a dhéanamh ríthábhachtach i gcásanna casta trasteorann.

Thacaigh an chuid is mó de na Ballstáit leis an aidhm bhunúsach agus na cuspóirí bunúsacha den dréacht-treoir. Bhí roinnt mhaith Ballstát agus Seirbhís Dlí na Comhairle den tuairim gur cheart go mbeadh Airteagal 83(2) mar bhunús dlí don togra in ionad Airteagal 325(4) mar a mhol an Coimisiún. Ina theannta sin, chuir roinnt mhaith toscaireachtaí a n-ábhair imní in iúl, go háirithe, faoi phionós íosta a thabhairt isteach, leibhéil na bpionós agus na comhthréimhsí forordaithe.

D'iarr an Uachtaránacht ar chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle tosú ar na saincheisteanna sin go léir.

**<u>Sonraí pearsanta a phróiseáil</u>**

Thug an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta i ndáil le togra le haghaidh rialacháin maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (*5853/12*).

Pléadh an rogha ionstraime dlí le linn na díospóireachta. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gurbh fhearr leo go mbeadh treoir ann in ionad rialacháin ós rud é go mbeadh níos mó solúbthachta i gceist i gcás inar ghá sin. Mar sin féin, b'fhearr le roinnt toscaireachtaí eile go mbeadh rialachán ann, mar a mhol an Coimisiún.

Tá na hairí tar éis an togra sin a phlé cheana ag cruinniú neamhfhoirmiúil na haireachta i mí Iúil bunaithe ar na trí cheist a leanas: an t-ualach riaracháin, an gá atá le hionramháil speisialta don earnáil phoiblí agus líon na ngníomhartha tarmligthe.

Tá an togra ina ábhar don ghrinnphlé atá á dhéanamh ag saineolaithe ag an Meitheal um Chosaint Sonraí, ar cuireadh tús leis le linn Uachtaránacht na Danmhairge agus a leanfar ar aghaidh le linn Uachtaránacht na hÉireann.

**<u>Déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh</u>**

Thug an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta i ndáil le togra le haghaidh treorach maidir le smachtbhannaí coiriúla i ndáil le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh ("Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh") (*16000/11*). Ar bhonn doiciméid a d'ullmhaigh an Uachtaránacht (*14598/12*), bhí malartú tuairimí ag na hAirí d'fhonn treoir a chur ar fáil don chaibidlíocht anseo.

Leis an dréachtrialachán bunaítear rialacha íosta do smachtbhannaí coiriúla i gcás na gcionta is tromchúisí i dtaca le drochúsáid mhargaidh, eadhon déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh. Chruthódh sé sin oibleagáid do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an t-iompar sin inphionóis mar chion coiriúil.

Le linn na díospóireachta, thug na hAirí aghaidh ar cheann de na saincheisteanna is ábhartha atá fós gan réiteach, eadhon prionsabal *ne bis in idem.* Go háirithe, dhírigh siad ar an gcaidreamh atá ann leis na cionta riaracháin dá bhforáiltear i MAR agus conas is féidir a áirithiú sa chás sin, nach gcuirfí prionsabal *ne bis in idem* i mbaol le cur i bhfeidhm MAR agus MAD, i gcásanna inarbh fhéidir cineálacha éagsúla smachtbhannaí a chur i bhfeidhm maidir leis na fíricí céanna. (nó i gcásanna ar cuireadh sin i bhfeidhm).

Mheas an chuid is mó de na toscaireachtaí go raibh cosaint phrionsabal *ne bis in idem* ábhartha maidir le tograí MAR agus MAD. Mheas an chuid is mó de na toscaireachtaí gur cheart cosaint an phrionsabail sin a fhágáil faoi chúram na mballstát agus an treoir á cur chun feidhme agus á cur i bhfeidhm i gcásanna aonair. Mar sin féin, mheas roinnt toscaireachtaí gur cheart teacht ar réiteach ar leibhéal an AE.

Is cuid de phacáiste leathan bearta é an togra seo ón gCoimisiún i nDeireadh Fómhair 2011, lena n-áirítear treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais - "MiFID" (*15939/11*); rialachán maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus OTC - "MiFIR" (*15938/11*), agus rialachán maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh - "MAR" (*16010/11*), ina leagtar síos comhchreat rialála i dtaca le drochúsáid mhargaidh.

**Aon Ghnó Eile**

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas freisin maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir le roinnt tograí reachtacha, lena n-áirítear:

– na rialacháin a bheartaítear maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) sa réimse Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile;

– an Tionscnamh ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht na hEastóine, ó Ríocht na Spáinne, ó Phoblacht na hOstaire, ó Phoblacht na Slóivéine, agus ó Ríocht na Sualainne maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach;

– an dréacht-Treoir maidir leis an gceart dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla agus leis an gceart cumarsáid a dhéanamh tráth gabhála;

– na dréacht-Rialacháin lena mbunaítear an clár um Dlí agus Cirt agus an clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Saoránacht don tréimhse 2014 go 2020;

– an dréacht-Rialachán maidir le dlínse agus le haithint agus le forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (Athmhúnlu) (An Bhruiséil I).

Rinne an Coimisiún cur i láthair maidir le gáinneáil aindleathach ar airm thine agus thug sé eolas do na hairí faoi chur chun feidhme ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh.

Chuir an Ungáir na hairí ar an eolas faoi chomhdháil aireachta Fhóram Salzburg a tionóladh i mBúdaipeist an 11 agus an 12 Deireadh Fómhair 2012.

**An Coiste Measctha**

Agus cruinniú na Comhairle ar siúl, phléigh an Coiste Measctha (an AE agus an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis) na míreanna seo a leanas:

**-An faireachán a dhéantar i ndiaidh víosaí a léirscaoileadh do thíortha sna Balcáin Thiar**

Phléigh an coiste an tríú tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an bhfaireachán a dhéantar i ndiaidh víosaí a léirscaoileadh do thíortha sna Balcáin Thiar.

Chuir na toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu faoi ardú mór ar iarratais tearmainn gan bhunús ó náisiúnaigh i dtíortha áirithe sna Balcáin Thiar agus chuir siad in iúl go raibh sé tábhachtach go dtabharfaí bearta ar aghaidh le cúrsaí a cheartú. I measc nithe eile, measadh go raibh an t-idirphlé leis na tíortha lena mbaineann ríthábhachtach, agus dhearbhaigh an Coimisiún go dtabharfaí aghaidh ar an ábhar sin ag an bhfóram aireachta a bheidh ann amach anseo maidir le Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile idir an AE agus tíortha sna Balcáin Thiar a bheidh ar siúl an 5 agus an 6 Samhain i dTiorána, san Albáin.

Sa chomhthéacs sin, iarradh ar líon mór toscaireachtaí dlús a chur leis na hidirbheartaíochtaí atá ar bun faoi láthair le Parlaimint na hEorpa maidir le leasuithe ar na rialacha lena rialaítear réimeas saor ó víosaí an AE. Chuir an Coimisiún a thogra chun na rialacha atá ann faoi láthair a leasú i láthair i mí na Bealtaine 2011. Baineann sé le Rialachán 539/2001 ina liostaítear na tríú tíortha a gcaithfidh a náisiúnaigh víosaí a bheith acu agus iad ag dul thar na teorainneacha seachtracha (Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán) agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán) (*10834/11*).

Cuireadh tús leis an bplé idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2012. Dírítear leis an bplé sin ar chlásal cosanta a thabhairt isteach lena gceadófaí an ceanglas víosa a thabhairt isteach arís ar bhonn sealadach - i gcúinsí sonracha - do náisiúnaigh tríú tír a bhféadfaí taisteal go dtí an AE gan víosa de ghnáth (na tíortha sin atá in Iarscríbhinn II). Neartófaí coincheap na cómhalartachta leis na rialacha nua freisin, i.e. an bealach ina ndéileáiltear le cásanna ina dtugann tír in Iarscríbhinn II ceanglas víosa isteach arís do shaoránaigh Bhallstáit áirithe de chuid an AE nó don AE ina iomláine.

**-Aontachas na Rómaine/na Bulgáire le Schengen**

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gcinneadh faoi fheidhmiú iomlán fhorálacha acquis Schengen i Poblacht na Bulgáire agus sa Rómáin agus faoi chur chun feidhme na mbeart a aithníodh mar bhearta lena gcuirtear le méadú rathúil limistéar Schengen chun an dá thír sin a áireamh.

Ní dhearnadh cinneadh go dtí seo ar aontachas an dá thír mar nár baineadh amach an aontoilíocht a bhí riachtanach.

Moltar cur chuige ina bhfuil dhá-chéim sa togra reatha: Sa chéad chéim, chuirfí deireadh le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha farraige agus aeir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir na tíortha sin. ag an am céanna, bheadh an dá thír go hiomlán rannpháirteach i gCóras Faisnéise Schengen (SIS). Sa dara céim, chuirfí deireadh leis na seiceálacha ar dhaoine ar theorainneacha inmheánacha talún.

Ag an gcruinniú a bhí aici an 1-2 Márta 2012, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach, agus an plé a rinneadh in 2011 á meabhrú di, gur comhlíonadh na coinníollacha dlíthiúla uile le go nglacfar cinneadh maidir le haontachas na Bulgáire agus na Rómáine le limistéar Schengen. Thug an Chomhairle Eorpach aitheantas freisin do na hiarrachtaí leantacha atá déanta ag an mBulgáir agus ag an Rómáin.

Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, san idirthréimhse, bearta a shainaithint agus a chur chun feidhme, ar bearta iad lena gcuirfí le méadú rathúil Limistéar Schengen chun an Rómáin agus an Bhulgáir a áireamh.

**-Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na Gréige maidir le Tearmann agus Imirce**

Thug Aire na Gréige, an Coimisiún, an ghníomhaireacht Eorpach um fhaireachas ar theorainneacha (FRONTEX) agus an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (OETCT) eolas don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaobh phlean gníomhaíochta náisiúnta na Gréige maidir le tearmann agus imirce a chur chun feidhme. Chuir an Coimisiún, go háirithe, na hairí ar an eolas faoin gcuairt is déanaí a thug sé ar an Aithin agus ar réigiún Evros.

Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an dul chun cinn atá déanta ag an nGréig le cúpla mí anuas in imthosca airgeadais deacra agus chuir siad i bhfios nár cheart an dlús a chailleadh.

**-An imirce neamhdhleathach**

Thug Frontex agus an Coimisiún eolas don Chomhairle faoi na forbairtí agus na treochtaí a bhí ann le déanaí i ndáil leis an imirce neamhdhleathach agus faoin tionchar atá acu ar an AE faoi láthair.

**-SIS II**

Chaith an Coiste súil ar na forbairtí is déanaí maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen II (SIS II) a chur chun feidhme, ar córas é a thiocfaidh i bhfeidhm an chéad ráithe de 2013.

Is bunachar sonraí coiteann é Córas Faisnéise Schengen (SIS), é á roinnt ag údaráis teorann agus imirce, agus údaráis fhorghníomhaithe dlí na dtíortha rannpháirteacha, agus tá faisnéis ann faoi dhaoine agus faoi earraí a cailleadh nó a goideadh. Tá feidhm ag rialacha diana sonracha cosanta sonraí ar SIS. Is beart cúiteach é maidir leis na teorainneacha inmheánacha a oscailt faoi chomhaontú Schengen, ach meastar gur gné ríthábhachtach den tslándáil san AE é chomh maith. Tá an dara glúin de SIS, ar a dtugtar SIS II de ghnáth, á forbairt ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair.

**-Aon Ghnó Eile**

Cuireadh an coiste ar an eolas freisin maidir le staid reatha roinnt tograí reachtacha, lena n-áirítear:

– an Rialachán maidir le Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR) a bhunú;

– na tograí reachtacha a bhaineann le Schengen atá á bplé faoi láthair, eadhon, an sásra chun meastóireacht a dhéanamh ar Schengen agus Cód Teorainneacha Schengen. Ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta maidir leis an dá mhír ag Comhairle mhí an Mheithimh (féach *10760/12*, lch. 9-12);

– na leasuithe maidir le réimeas saor ó víosaí an AE (rialachán 539/2001).

**<u>MÍREANNA EILE A FORMHEASADH</u>**

***<u>CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE</u>***

**Coinníollacha glactha iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta**

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh maidir le hathmhúnlú leasaithe na treorach maidir le coinníollach glactha (*14112/1/12*).

Tá an téacs mar atá sé anois mar thoradh ar na idirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa agus ba cheart go nglacfaí é gan leasuithe ar dhara léamh Pharlaimint na hEorpa, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach *14556/12*.

**Gáinneáil ar dhaoine**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí athbhreithnithe (*11838/6/12 REV6*) maidir le Straitéis nua an AE chun Gáinneáil ar Dhaoine a Dhíothú (2012-2016), *(11780/12)*, ina n-iarrtar ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí gáinneáil ar dhaoine a chomhrac ar bhealach éifeachtach agus íospartaigh na gáinneála sin a chosaint trí chomhar inmheánach agus seachtrach a neartú agus trí na cúig thosaíocht a aithníodh i Straitéis an AE a chur san áireamh.

**Gníomh an AE i dtaca le Brú Imirceach**

Thug an Chomhairle dá haire "Gníomh an AE i dtaca le Brú Imirceach - Freagairt Straitéiseach" (*9650/12*) a ndearnadh nuashonrú air, ina bhfuil liosta de na réimsí straitéiseacha tosaíochta inar gá breis oibre a dhéanamh agus inar gá faireachán a dhéanamh ar an méid atá á dhéanamh chun na dianbhrúnna atá ann cheana a chosc agus a rialú, ar dianbhrúnna iad a eascraíonn as an imirce neamhdhleathach agus as an drochúsáid atá á baint as bealaí dleathacha imirce. Beartaítear leis an doiciméad sin go dtabharfar freagairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair i ndáil leis an imirce ar bhealach inláimhsithe agus réalaíoch.

**Plean Gníomhaíochta an AE maidir le Radacú agus Earcú**

Thacaigh an Chomhairle leis an bPlean nuashonraithe Cur Chun Feidhme a bhaineann le Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe an AE maidir le Radacú agus Earcú, a leagtar amach chun straitéis Frithsceimhlitheoireachta an AE a chur chun feidhme. Liostaítear ann roinnt beart a fhéadfaidh na Ballstáit agus comhlachtaí éagsúla de chuid an AE a dhéanamh d'fhonn radacú i dtreo na frithsceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Rinneadh athbhreithniú ar an bplean in 2009.

**Comhaontuithe Comhair CEPOL**

D'fhormheas an Chomhairle tabhairt chun críche dhá chomhaontú comhair idir an Coláiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL) agus:

– Ionad Oiliúna Póilíní Stát Póilíní na hAlbáine (*14422/12*);

– Acadamh "Stefan Cel Mare" de chuid Aireacht Ghnóthaí Baile Phoblacht na Moldóive (*14423/12*).

**CULTNET AE**

Ghlac an Chomhairle rún maidir le líonra neamhfhoirmiúil a chruthú lena mbainfidh údaráis fhorghníomhaithe dlí agus saineolaithe a bheidh inniúil i réimse na n-earraí cultúrtha (*14232/12*) chun an choireacht in aghaidh na n-earraí cultúrtha a chosc agus a chomhrac trí chomhordú a neartú ar an leibhéal náisiúnta idir údaráis fhorghníomhaithe an dlí agus údaráis chultúrtha agus eagraíochtaí príobháideacha (e.g. siopaí seandachtaí, siopaí ceantála, ceantanna ar líne).

Thairis sin, tá sé d'aidhm ag EU CULTNET faisnéis a aithint agus a roinnt, agus na rialacha maidir le cosaint sonraí á gcomhlíonadh, ar faisnéis í faoi líonraí coiriúla a bhfuiltear in amhras go bhfuil gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha a goideadh á déanamh acu, chun go gcinnfear na naisc idir líonraí mar sin agus cineálacha eile coireachta (eagraithe) agus chun bealaí, ceann scríbe, modhanna oibre agus cineálacha gníomhaíochtaí coiriúla a aithint, i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta, amhail Europol, Eurojust, Interpol agus UNESCO.

**Malartú uathoibríoch sonraí leis an gCipir**

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le seoladh an mhalartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha (*13676/12*) agus ADN (*13677/12*) sa Chipir. Leis an nós imeachta meastóireachta a éilítear le Cinneadh 2008/616/JHA[1] ón gComhairle, baineadh de thátal as go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí curtha chun feidhme go hiomlán ag an gCipir agus dá bhrí sin go bhfuil sí i dteideal sonraí pearsanta a fháil agus a sholáthar chun cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú, amhail ón dáta a dtiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm.

[1] IO L 210, 6.8.2008.

**Malartú uathoibríoch sonraí leis an tSualainn**

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le seoladh an mhalartaithe uathoibríoch Sonraí Cláraithe Feithiclí (VRD) sa tSualainn (*14135/12)*. Leis an nós imeachta meastóireachta a éilítear le cinneadh 2008/616/JHA[1], baineadh de thátal as go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí curtha chun feidhme go hiomlán ag an tSualainn agus dá bhrí sin go bhfuil sí i dteideal sonraí pearsanta a fháil agus a sholáthar chun cionta coiriúla a chosc agus a imscrúdú, amhail ón dáta a dtiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm.

**Nuashonrú ar bhearta sriantacha**

Ghlac an Chomhairle na ráitis nuashonraithe ar chúiseanna a bhaineann le daoine, le grúpaí agus le heintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear faoi Rialachán 2580/2001[2] ón gComhairle d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Thug sí dá haire freisin litir fógra a sheolfar chuig na daoine nó na grúpaí lena mbaineann. Foilseofar an fógra comhfhreagrach san Iris Oifigiúil (sraith "C").

Ní mór don Chomhairle an liosta a athbhreithniú go tráthrialta agus ar a laghad dhá uair sa bhliain lena áirithiú go mbeidh forais ann chun ainmneacha na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas sin a choimeád air.

***AN COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA***

**Mionarmáin agus armáin éadroma**

Rinne an Chomhairle EUR 1.68 milliún a leithdháileadh mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach agus carnadh iomarcach na mionarmán agus na n-armán éadrom a laghdú sa réigiún a chumhdaíonn an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE). Áirítear ar na tograí ceardlann oiliúna réigiúnach d'oifigigh atá freagrach as bróicéireacht a dhéanamh ar rialuithe maidir le mionarmáin agus armáin éadroma agus as uasghrádú slándála ar láithreáin stórála stoc-charn mionarmán agus armán éadrom sa Bhéalarúis agus san Chirgeastáin.

**Creat-Chomhaontú rannpháirtíochta leis an Moldóiv**

D'údaraigh an Chomhairle síniú an chomhaontaithe idir an AE agus Poblacht na Moldóive lena mbunaítear creat le haghaidh rannpháirtíocht na Moldóive in oibríochtaí bainistithe géarchéime an AE agus d'údaraigh sí tabhairt chun críche an chomhaontaithe sin.

1 IO L 210, 6.8.2008.
2 IO L 344, 28.12.2001.

## *GNÓTHAÍ GINEARÁLTA*

**Clásal eisceachtaí na Rialachán Foirne**

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an gclásal eisceachtaí d'Airteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne (*14913/12*).

**Cruinnithe mullaigh iltaobhacha - Conradh Liospóin**

D'fhormhuinigh an Chomhairle comhaontú ar ar tháinig Coiste na mBuanionadaithe maidir le saincheisteanna lárnacha a ardaíodh agus na cruinnithe mullaigh iltaobhacha á n-eagrú, i.e. le grúpaí tríú tíortha, i bhfianaise na n-athruithe a tháinig chun cinn le Conradh Liospóin.

Tá tionchar ag na hathruithe ar ionadaíocht sheachtrach an AE agus rachaidh siad i bhfeidhm ar óstáil agus ar eagrú na gcruinnithe mullaigh. Áirítear impleachtaí buiséadacha orthu.

I gcás na gcruinnithe mullaigh déthaobhacha le tríú tíortha aonair, bunaíodh socruithe don eagrú teicniúil agus do mhaoiniú in 2010.

## *GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

**Rialacha airgeadais nua a ghlacadh do bhuiséad bliantúil an AE**

Ghlac an Chomhairle[1] rialachán lena ndírítear ar rialacha airgeadais níos simplí a chur i bhfeidhm i ndáil le buiséad an AE agus lena n-áiritheofar ag an am céanna go mbainfear leas fónta as airgead cáiníocóirí Eorpacha (*45/12* + *14800/12* *ADD 1* + *ADD 2* + *ADD 3*). Tagann sé seo i ndiaidh comhaontaithe ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa. Caithfear na rialacha nua a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an AE chun go dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Beidh feidhm leo ón 1 Eanáir 2013, an lá céanna a mbeidh feidhm le rialacha na bhfeidhmiúchán ar cheart don Choimisiún glacadh san am atá le teacht.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach *15188/12*.

[1] Staon toscaireacht na hÍsiltíre ón vótáil.

***IASCACH***

**Comhaontú iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas - Seasamh an AE**

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le bunú sheasamh an AE atá le glacadh faoi chuimsiú chomhaontú iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (CIAIT).

Dírítear le CIAIT ar chaomhnú fadtéarmach na n-acmhainní iascaigh seachas tuinnín i réimsí lasmuigh de dhlínsí náisiúnta sa Aigéan Indiach Theas agus ar leas inbhuanaithe a bhaint as na hacmhainní sin.

**An Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas - Seasamh an AE**

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le bunú sheasamh an AE atá le glacadh faoi chuimsiú na heagraíochta réigiúnaí um bainistíocht iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (ERBIACT).

Tá Coimisiún ERBIACT freagrach as bearta a ghlacadh a cheaptar lena áirithiú go ndéanfar na hacmhainní iascaigh a chaomhnú ar bhonn fadtéarmach agus go mbainfear leas inbhuanaithe astu i limistéar an choinbhinsiúin chun an tionchar a bheidh ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí a íoslaghdú.